# Dolores Keane

Eochairfhocail: glór, amhránaí, banna ceoil, albam, gradam

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, idirghníomhaíocht chainte.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén aois a bhí Dolores Keane nuair a cailleadh í? dhá bhliain déag le cois na trí scór/72
2. Cérbh iad na daoine ba mhó a raibh tionchar acu ar Dolores ó thaobh an cheoil de?
3. Cén bhliain a rinne sí a céad taifead le Raidió Éireann?
4. Cén banna ceoil ar thaistil Dolores leo ar feadh cúpla bliain?
5. Breac síos trí aidiacht a úsáideann Páraic Mac Donnchadha chun cur síos a dhéanamh ar ghlór Dolores.
6. Cad a rinne Dolores sa bhliain 1978?
7. Luaitear bua eile a bhí ag Dolores sa mhír nuachta. Cérbh é an bua sin?
8. Cé mhéad amhránaí cáiliúil a raibh baint acu leis an albam A Woman's Heart sa bhliain 1994?
9. Cad a bhronn TG4 uirthi sa bhliain 2022?
10. Cén ollscoil a bhronn dochtúireacht onóra uirthi dhá bhliain ó shin?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: meaitseáil

**Féach ar an mír nuachta arís agus meaitseáil an bhliain nó an uimhir leis an eachtra chuí**

| | |
|---|---|
| 72 bliain d'aois | d'fhill sí ar Éirinn ó Londain |
| 2 bhliain d'aois | seoladh an t-albam A Woman's Heart a raibh baint lárnach ag Dolores leis |
| 5 bliana d'aois | bhronn TG4 Gradam Saoil uirthi |
| 1958 | Tháinig an banna ceoil Dé Danann ar an saol |
| 1975 | aois Dolores nuair a cailleadh í |
| 1980idí luatha | an bhliain ar tháing an t-albam Broken Hearted, I'll Wander ar an saol |
| 1979 | rinne sí a céad taifead ar Raidió Éireann |
| 1994 | aois Dolores nuair a rinne sí a céad taifead ar Raidió Éireann |
| 2022 | aois Dolores nuair a thosaigh sí ag amhránaíocht den chéad uair |
| 2024 | Bhronn Ollscoil na Gaillimhe dochtúireacht onóra uirthi |

## Gníomhaíocht Labhartha:

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar chúrsaí ceoil. Bainigí leas as na ceisteanna seo a leanas chun an plé a threorú. Éistigí le cúpla ceann d'amhráin Dolores Keane ar líne ar dtús chun go mbeadh sibh in ann cuid de na ceisteanna thíos a phlé.**

- An bhfuil spéis agaibh i gcúrsaí ceoil?
- Cén saghas ceoil lena mbíonn sibh ag éisteacht?
- Ar chuala sibh trácht ar Dolores Keane?
- Cén saghas ceoil a chan Dolores Keane?
- An dtaitníonn amhráin Dolores Keane libh? Cén fath?
- An bhfuil aon amhrán traidisiúnta ann a thaitníonn leat? Cén fáth?
- An bhfuil aon amhrán traidisiúnta ann a bhfuil focail uile an amhráin sin ar eolas de ghlanmheabhair agat? Conas a d'fhoghlaim tú na focail ar fad?
- Cén fáth, dar libh, a raibh rath chomh mór sin ar Dolores Keane mar amhránaí?
- Cén cur síos a thabharfadh sibh ar an saghas glóir a bhí ag Dolores Keane?



## Freagraí

1. Dhá bhliain déag le cois na trí scór/72
2. A haintíní
3. 1958
4. Dé Danann
5. Iontach, ársa, neamhghnách, íseal, domhain, ceolmhar, croíúil
6. Thaifead sí a céad albam aonair
7. Bua na haisteoireachta
8. Ceathrar eile
9. Gradam Saoil (as a cuid ceoil)
10. Ollscoil na Gaillimhe

| | |
|---|---|
| 72 bliain d'aois | Aois Dolores nuair a thosaigh sí ag amhránaíocht den chéad uair |
| 2 bhliain d'aois | Aois Dolores nuair a thosaigh sí ag amhránaíocht den chéad uair |
| 5 bliana d'aois | Aois Dolores nuair a rinne sí a céad taifead ar Raidió Éireann |
| 1958 | An bhliain ar tháing an t-albam Broken Hearted, I'll Wander ar an saol |
| 1975 | Tháinig an banna ceoil Dé Danann ar an saol |
| 1980idí luatha | D'fhill sí ar Éirinn ó Londain |
| 1979 | An bhliain ar tháing an t-albam Broken Hearted, I'll Wander ar an saol |
| 1994 | Seoladh an t-albam A Woman's Heart a raibh baint lárnach ag Dolores leis |
| 2022 | bhronn TG4 Gradam Saoil uirthi |
| 2024 | Bhronn Ollscoil na Gaillimhe dochtúireacht onóra uirthi |